Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe le haghaidh seirbhísí áirithe arna riaradh ag Oifig an Aire agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithghabhála, 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Tá barrachas €4.601 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste. Tá ráiteas na mbeartas cuntasaíochta agus prionsabail agus nótaí 1 go 7 mar chuid den chuntas.

***Athrú ar ainm na Roinne***

Ar an 1 Feabhra 2023, tháinig an tOrdú um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú (Leasú ar Ainm na Roinne agus Teideal an Aire) 2023 i bhfeidhm chun éifeacht dlí a thabhairt don athrú ainm mar a d'fhógair an Taoiseach an 17 Nollaig 2022. D'athraigh sé sin ainm na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe.

***Athruithe struchtúracha***

Le linn 2022, chuir an Roinn athscrúdú straitéiseach i gcrích ar a samhail oibríochtúil agus chuir sí atheagrú rannáin chun feidhme. Leis an tsamhail oibríochtúil nua, is féidir leis an Roinn oibriú ar bhealach níos comhtháite agus cur chuige níos comhleanúnaí a áirithiú maidir le soláthar beartas agus seirbhísí. Dá bharr sin, ó 2023, tá clár aonair ann don Roinn iomlán lena léirítear an cur chuige comhtháite sin agus athshonraíodh sonraí comparáideacha 2022. Athraíodh trí fho-cheannteideal mar chuid den tsamhail oibríochtúil nua agus is ann dóibh anois mar chuid d'fho-cheannteidil níos leithne. Is éard atá iontu tacaíocht maidir le cinntiúchán ar phá poiblí, eadráin agus achomhairc na státseirbhíse, fo-cheannteidil sainchomhairleoireachta agus seirbhísí eile (áirítear an tsainchomhairleoireacht uile anois i bhfo-cheannteideal riaracháin aonair). Tá an fo-cheannteideal do thionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis dúnta, ós rud é go bhfuil an tionscadal críochnaithe anois.

# Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas seo á ullmhú.

***Dímheas***

Déantar dímheas a mheas agus a ghearradh de réir méid cothrom ar bhonn míosúil ón mí faighte/choimisiúnaithe.

Tríd is tríd, rinneadh saolréanna ionchais agus rátaí amúchta gaolmhara móraicmí de shócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

| *Aicme* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí faighte | 5 bliana | 10% |
| Bogearraí forbartha | 10 mbliana | 20% |

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm lena chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

Cuirim an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáid eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe airgeadais ach gealltanas réasúnta agus ní gealltanas iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

Soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11, dá réir sin, tá a ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais ábhartha freisin agus déanann an Roinn breithniú air.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) le haghaidh soláthar seirbhísí acmhainní daonna, airgeadais agus comhroinnte maidir le párolla.

Braithim ar litir urrúis ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don NSSO lena chinntiú go gcuirtear rialú cuí i bhfeidhm maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais comhroinnte, chuig an Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe, lena ndeimhnítear gur fíor an méid seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an ardbhainistíocht ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- tá córas bainistíochta riosca ag feidhmiú taobh istigh den Roinn.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus conarthaí á mbronnadh agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. Bhí caiteachas ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne conraithe, cothrom le €4.89 milliún in 2023.

Sholáthair an Roinn sonraí ar chonradh neamhiomaíoch ach comhlíontach amháin de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí ríthábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na Roinne a shainaithint agus rinneadh na príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar na rioscaí ardleibhéil atá os comhair na Roinne ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur sonraíodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

An 7 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bunús leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

#### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n aonar nó ina n iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh cuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó a bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás ina sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 11 Oifig an Aire um Chaiteachas Poiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Caiteachas poiblí agus beartas earnálach | | | | |
| *Bunmhéid* | 54,322 | | | |
| *Méid Forlíontach* | 1 | 54,323 | 50,004 | 44,902 |
| **Ollchaiteachas** | | **54,323** | **50,004** | **44,902** |
| *Asbhain* | | | | |
| C **Leithreasaí i gcabhair** | | **3,025** | **3,307** | **3,852** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunmhéid* | 51,297 | | | |
| *Méid Forlíontach* | 1 | | | |
| | | **51,298** | **46,697** | **41,050** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,600,773** | **5,474,721** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisúnta agus Athchóirithe

7 Márta 2024

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 18,822 | 17,253 |
| Pá | | 27,814 | 24,912 |
| Neamhphá | | 3,368 | 2,737 |
| **Ollchaiteachas** | | **50,004** | **44,902** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **3,307** | **3,852** |
| **Glanchaiteachas** | | **46,697** | **41,050** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Dímheas | 21 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (364) | | |
| Amúchadh | 340 | | |
| | | (3) | (137) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (345) | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (8) | | |
| Laghdú ar speansais fhabhraithe | (46) | | |
| | | (399) | 162 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **46,295** | **41,075** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 11,376 | 11,860 |
| Measchíosanna | | 2,512 | 2,512 |
| **Glanchostas an chláir** | | **60,183** | **55,447** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile i gcomhdhéanamh maidir le méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1,400 | 1,457 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 6,728 | 7,585 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,723 | 1,957 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,009 | 211 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 234 | 223 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 522 | 427 |
| | | 11,616 | 11,860 |
| Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile [a] | | (240) | — |
| | | **11,376** | **11,860** |

Nóta [a] Baineann na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile le luach seirbhísí comhroinnte iniúchta a sholáthair an Roinn seo don Roinn Airgeadais in 2023.

## Nóta 2 An Ráiteas an Staid an Airgeadais ag an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 47 | 68 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 2,138 | 2,114 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **2,185** | **2,182** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 612 | 3,497 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 607 | 262 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 8 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 273 | 276 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.7 | 255 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,755** | **4,035** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 144 | 190 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,140 | 1,168 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.7 | — | 2,605 |
| **Iomlán na ndliteanais reatha** | | **1,284** | **3,963** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 471 | 72 |
| **Glansócmhainní** | | **2,656** | **2,254** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.8 | **2,656** | **2,254** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Trealamh oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 105 | 105 |
| Breiseanna | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 105 | 105 |
| | | |
| **Dímheas carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 37 | 37 |
| Dímheas don bhliain | 21 | 21 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 58 | 58 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **47** | **47** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 68 | 68 |

Nóta [a] An 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha chuig sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 5,161 | 5,161 |
| Breiseanna | — | — |
| Coigeartuithe [b] | 364 | 364 |
| Diúscairtí | (12) | (12) |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 5,513 | 5,513 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 3,047 | 3,047 |
| Amúchadh don bhliain | 340 | 340 |
| Amúchadh diúscairtí | (12) | (12) |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 3,375 | 3,375 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **2,138** | **2,138** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 2,114 | 2,114 |

Nóta [a] An 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha ó Mhaoin, gléasra agus trealamh.

[b] Maidir leis na coigeartuithe is é atá iontu feabhsuithe ar dhá shócmhainn atá ann cheana: €311,000 d'fhorbairt chóras bhainistíocht punainne Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus €53,000 don chóras ríomh-Chomhtháthaithe.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| Ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais TF | 297 | 109 |
| Táillí oideachais | 126 | 48 |
| Institiúidí idirnáisiúnta | 71 | 55 |
| Síntiúis | 98 | 42 |
| Árachas | 8 | 7 |
| Ilghnéitheach | 7 | 1 |
| | **607** | **262** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí pinsin Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta | 8 | — |
| | **8** | **—** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Caiteachas aisghabhála an phas taistil | 51 | 28 |
| Aisíocaíocht CBL dlite | — | 154 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 222 | 94 |
| | **273** | **276** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim agus MSU | 542 | 491 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 284 | 242 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 50 | 22 |
| Cáin bhreisluacha | 84 | 28 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 84 | 86 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | 2 |
| | 1,046 | 871 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 84 | 96 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 10 | 201 |
| | **1,140** | **1,168** |

## 2.7 Glanmhaoiniú an Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 4,601 | 5,475 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (4,856) | (2,870) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **(255)** | **2,605** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 612 | 3,497 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 273 | 276 |
| | 885 | 3,773 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,046) | (871) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (94) | (297) |
| | (1,140) | (1,168) |
| | | |
| | **(255)** | **2,605** |

## 2.8 Cuntas maoinithe an Stáit

| | **Nóta** | | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,254 | 2,279 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 51,298 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (4,601) | | |
| Glanvóta | | | 46,697 | 41,050 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 11,376 | 11,860 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 2,512 | 2,512 |
| Glanchostas an chláir | | | (60,183) | (55,447) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **2,656** | **2,254** |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin sa chlár maidir le Caiteachas Poiblí a Bhainistiú agus a Athchóiriú leagtha amach thíos.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 30,471 | 27,814 | 24,912 |
| ii | Taisteal agus cothú | 265 | 323 | 189 |
| iii | Oiliúint agus Forbairt | 496 | 642 | 492 |
| iv | Seirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile | 837 | 565 | 749 |
| v | Speansais oibriúcháin | 601 | 567 | 408 |
| vi | Speansais áitreabh agus lóistín | 270 | 542 | 333 |
| vii | Speansais chumarsáide agus mhargaíochta | 95 | 50 | 18 |
| viii | Speansais sócmhainní agus trealaimh | 465 | 679 | 548 |
| | | **33,500** | **31,182** | **27,649** |

Nóta [a] Roimhe seo, bhí gníomhaíochtaí na Roinne roinnte thar dhá chlár. Tar éis athbhreithniú straitéiseach ar shamhail oibríochtúil na Roinne, is ann do chlár aonair anois don Roinn iomlán. Tar éis an mhéid sin, is é a tháinig as athbhreithniú ar na figiúirí comparáideacha an t athráiteas seo a leanas ar fhigiúirí na bliana roimhe sin

[b] (i) Méadaíodh tuarastail, pá agus liúntais chun €1,000 de chaiteachas a áireamh iontu, rudaí a taispeánadh roimhe sin faoi B.9 Tacaíocht maidir le cinntiúchán ar phá poiblí.

[c] (iv) Tháinig méadú €675,000 ar sheirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile chun caiteachas a taispeánadh roimhe sin a áireamh, rud a taispeánadh faoi fho cheannteidil A.8 Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile; B.4 Nós imeachta achomhairc agus eadráin na Státseirbhíse; B.5 Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile; agus B.9 Tacaíocht maidir le cinntiúchán ar phá poiblí.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas ón méid a soláthraíodh (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar measta €496,000; olltoradh €642,000*

Ba é ba chúis leis an leibhéal caiteachais níos airde de €146,000 caiteachas breise do Chlár Forbartha Ceannaireachta an Phríomhoifigigh a léiríodh ar bhonn píolótach in 2023. Bhí glacadh méadaithe ann i leith na gcúrsaí freisin.

**iv Seirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile**

*Soláthar measta €837,000; olltoradh €565,000*

Is é is cúis leis an tearc-chaitheamh €272,000 go raibh níos lú caiteachas sainchomhairleachta ann ná mar a bhí beartaithe.

**vi Speansais áitreabh agus lóistín**

*Soláthar measta €270,000; olltoradh €542,000*

Is é is cúis leis an leibhéal níos airde caiteachais de €272,000 ná costais fóntas mhéadaithe sa Roinn, méaduithe boilscitheacha ginearálta agus freastal méadaithe ar an oifig i ndiaidh na paindéime.

**viii Speansais sócmhainní agus trealaimh**

*Soláthar measta €465,000; olltoradh €679,000*

Ba é ba chúis leis an leibhéal caiteachais níos airde de €214,000 in aghaidh na próifíle ná caiteachas ar Chóras Bhainistíocht Punainne Tionscadal Fiontair (EPPM) Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), lena dtacaítear le tarraingt anuas thráthúil cistí AE. Bhí caiteachas méadaithe ann freisin ar cheadúnais crua-earraí agus bogearraí TFC.

## Clár A Caiteachas Poiblí agus Beartas Earnálach [a]

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | | 30,471 | 27,814 | 24,912 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | 3,029 | 3,368 | 2,737 |
| A.3 | Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann | | | 253 | 145 | 172 |
| A.4 | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta - speansais riaracháin agus ghinearálta | | | 3,250 | 3,250 | 3,000 |
| A.5 | Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile | | | 1,846 | 1,154 | 1,169 |
| A.6 | Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | | | 1,633 | 1,249 | 992 |
| A.7 | Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | | | 4,550 | 3,413 | 3,147 |
| A.8 | INTERREG Trasnáisiúnta na hÉireann/na Breataine Bige | | | 211 | 198 | 217 |
| A.9 | Tacaíocht nuálaíochta na Foirgníochta | | | 500 | 404 | 481 |
| A.10 | Clár oibre claochlaithe/athchóirithe na Seirbhíse Poiblí | | | 625 | 667 | 436 |
| A.11 | Oifigeach um thacaíocht d'fhostaithe - seirbhís chomhroinnte | | | 1,563 | 1,488 | 1,434 |
| A.12 | Clár Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 911 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (208) | | | |
| | | | | 703 | 635 | 607 |
| A.13 | Institiúid um Riarachán Poiblí | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 2,725 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 209 | | | |
| | | | | 2,934 | 2,933 | 2,725 |
| A.14 | Tionscadal riaracháin scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí | | | 200 | 66 | 71 |
| A.15 | Cur chun feidhme an Achta um Nochtadh Cosanta | | | 405 | 373 | 285 |
| A.16 | Maoiniú do phinsin le haghaidh comhlachtaí faoi choimirce na Roinne | | | 1,400 | 2,136 | 1,505 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| A.17 | Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí | 750 | 711 | 747 |
| - | *Tionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis (scortha)* | — | — | 265 |
| | | **54,323** | **50,004** | **44,902** |

**Nóta(í) faisnéise ginearálta**

Nóta [a] Níl ach clár amháin ann le haghaidh 2023. Rinneadh Clár A agus B a chónascadh i gclár amháin in 2023. Athshonraítear sonraí comparáideacha 2022 chun an struchtúr nua a léiriú.

## Éagsúlachtaí suntasacha

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000).

### A.1 Riarachán – Pá

*Soláthar measta €30.471 milliún; olltoradh €27.814 milliún*

Baineann an choigilt de €2.657 milliún le leibhéal folúntas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith ann mar gheall ar mhoilleanna ar earcaíocht.

### A.2 Riarachán – Neamhphá

*Soláthar measta €3.029 milliún; olltoradh €3.368 milliún*

Baineann an méadú €339,000 le méadú €58,000 ar chostais taistil agus chothaithe, de bharr filleadh ar thaisteal rialta i ndiaidh na paindéime. Bhí méaduithe ann freisin ar chostais oiliúna agus forbartha, speansais áitreabh agus lóistín agus speansais sócmhainní agus trealaimh, mar a mhínítear thuas.

### A.3 Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann

*Soláthar measta €253,000; olltoradh €145,000*

Bhí tearc-chaitheamh €50,000 ann le Ciste Taighde IGEES. Tá comórtas bliantúil ann, ar oscailt do ranna rialtais a thugann faoi thionscadail taighde chomhoibríocha. Bíonn an méid a eisíoctar tríd an gciste ag brath ar na hiarratais a fhaightear. Rinneadh caiteachas níos lú freisin ná mar a bhí tuartha ar chláir Foghlama agus Forbartha do 2023.

### A.5 Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile

*Soláthar measta €1.846 milliún; olltoradh €1.154 milliún*

Is é is príomhchúis leis an tearc-chaitheamh sin de €692,000 in aghaidh an mheastacháin aistriú costas forbartha feabhsaithe ar chóras Bhainistíocht Punainne Tionscadal Fiontair (EPPM) agus córas réamh-Chomhtháthaithe CFRE (€364,000) chuig fo-cheannteideal A.2 Speansais sócmhainní agus trealaimh. Bhí tearc-chaitheamh ann freisin sa Rannán um Iniúchadh Inmheánach agus AE fmar gheall ar fholúntais foirne.

**A.6 Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach**

*Soláthar measta €1.633 milliún; olltoradh €1.249 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh sin de €384,000 ós rud é gur iarchuireadh oiliúint bheartaithe go dtí 2024 agus nár líonadh roinnt post go dtí lár na bliana.

**A.7 Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas**

*Soláthar measta €4.55 milliún; olltoradh €3.413 milliún*

Is é is príomhchúis leis an tearc-chaitheamh sin de €1.137 an clár trasteorann de chuid AE dar teideal PEACEPLUS a bheith á thosú tráth níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.14 Tionscadal riaracháin scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí**

*Soláthar measta €200,000; olltoradh €66,000*

Leis an gcóras riaracháin láraithe sin tacófar leis na húdaráis ábhartha uile an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a riar. Tháinig an tearc-chaitheamh sin de €134,000 chun cinn ós rud é nár tháinig an réiteach oibre dearaidh chun cinn mar a bhí beartaithe in 2023.

**A.16 Maoiniú do phinsin le haghaidh comhlachtaí faoi choimirce na Roinne**

*Soláthar measta €1.4 milliún; olltoradh €2.136 milliún*

Ba é ba chúis leis an leibhéal caiteachais níos airde sin de €736,000 ná íocaíochtaí pinsin a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo agus cnapshuimeanna ón bhForas Riaracháin. Is deacair scor a thuar i bhfianaise an ghearrfhógra is gá le dul ar scor.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Cláir an AE | 1,330 | 1,259 | 1,925 |
| 2 | Barrachais ar an sreabhadh airgid pinsin | 130 | 274 | 177 |
| 3 | Ilghnéitheach | 65 | 100 | 173 |
| 4 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,500 | 1,674 | 1,577 |
| | **Iomlán** | **3,025** | **3,307** | **3,852** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i bhfo-cheannteidil leithreasaí i gcabhair ar leith (+/-5% agus €100,000).

**2 Barrachais ar an sreabhadh airgid pinsin**

*Meastachán €130,000; réadaithe €274,000*

Bhí na barrachais sin €144,000 chun cinn ar an bpróifíl ós rud é go bhfuil fáltais phinsin níos airde ná mar a bhí próifílithe mar gheall ar mhéaduithe pá faoin gcomhaontú Ag Dul ó Neart go Neart.

**4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €1.674 milliún*

Bhí fáltais €174,000 chun tosaigh ar an meastachán de bharr fáltais ranníocaíochta aoisliúntais bhreise a bhaineann leis na méaduithe pá faoin gcomhaontú Ag Dul ó Neart go Neart.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha don Státchiste

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach maidir le tuarastail na n-airí | 21 | 37 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (21) | (37) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | — | — |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | **374** | **364** |

### 5.2 Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 26,968 | 25,249 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 369 | 256 |
| Liúntais eile | 131 | 10 |
| Ragobair | 9 | 7 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,444 | 2,131 |
| **Pá iomlán [a]** | **29,921** | **27,653** |

Nóta [a] Ní mhaoiníonn an Roinn go díreach na costais phá de chuid aon cheann de na comhlachtaí faoina coimirce.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 70 | 7 | 42,131 | 33,876 |
| Liúntais eile | 2 | — | 9,410 | 9,723 |
| Ragobair | 18 | — | 927 | 4,404 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 5,242 | 21,674 |

## 5.4 Líon foirne na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas líon fostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000:

| Bandaí Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 177 | 213 |
| 60,000 | 69,999 | 39 | 35 |
| 70,000 | 79,999 | 30 | 21 |
| 80,000 | 89,999 | 45 | 39 |
| 90,000 | 99,999 | 40 | 42 |
| 100,000 | 109,999 | 23 | 11 |
| 110,000 | 119,999 | 12 | 15 |
| 120,000 | 129,999 | 8 | 5 |
| 130,000 | 139,999 | 3 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 2 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | — | — |
| 240,000 | 249,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

In 2023, tabhaíodh caiteachas de €95,958 (2022: €195,174) i leith oifigeach amháin (2022: triúr oifigigh) a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2023 agus ar íoc an Roinn a thuarastal nó a tuarastal.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 45 | 191,432 | 115,915 |
| Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm | 17 | 116,297 | 19,402 |

Triúr ag a raibh pleananna téarnaimh i bhfeidhm ar luach €24,079, d'aistrigh siad chuig ranna eile sa bhliain. Déanfaidh a ranna faoi seach aisghabháil na méideanna amuigh a bhailiú. Maidir le moilleanna ar phleananna téarnaimh a chur i bhfeidhm, is iondúil gurb é is cúis leo difríochtaí uainiúcháin ag deireadh na bliana nó an fhoireann a bheith ar saoire bhreoiteachta. Déantar an aisghabháil go luath an bhliain ina dhiaidh sin nó nuair a fhilleann an ball foirne ón tsaoire.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **241** | **225** |

Ní chuirtear luach na socar scoir saothraithe le linn na tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann teidlíochtaí an duine sin maidir le sochair scoir thar théarmaí na scéime sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse [a] | — | 23 |
| Coiste na gCeapachán Ardleibhéil [b] | 77 | 72 |
| | **77** | **95** |

Nótaí

[a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Státseirbhíse modhanna inghlactha ag an Stát agus ag fostaithe an Stáit araon nuair is gá déileáil le héilimh agus tairiscintí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse na státseirbhíseach agus le comhar iomlán idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísí, mar fhostaithe, a aimsiú le haghaidh comhlíonadh níos fearr maidir le gnó poiblí.

[b] Bunaíodh Coiste na gCeapachán Ardleibhéil in 1984. Is éard is feidhm an Choiste ná iarrthóirí a mholadh do na hAirí agus don Rialtas chun na folúntais is sinsearaí sa Státseirbhís a líonadh - ag leibhéal an Rúnaí Chúnta agus níos airde. Tríd an bhfeidhm seo a dhéanamh ar bhealach neamhspleách agus trí na cinntí aige a dhéanamh ar bhonn fhiúntas coibhneasta na n-iarrthóirí do na folúntais i gceist amháin, tá sé mar sprioc ag Coiste na gCeapachán Ardleibhéil struchtúr bainistíochta na státseirbhíse a neartú, agus modhanna a sholáthar le gur féidir leis na hiarrthóirí is fearr barr a gcumais a bhaint amach.

## 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear san olltoradh a léirítear i bhfo-cheannteidil A.5, A.6 agus A.7 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE. Seo a leanas meastacháin maidir le caiteachas agus na holltorthaí iarbhír a bhí ann:

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-cheannteideal** | **Cur síos** | | | |
| A.5 | Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile | 1,846 | 1,154 | 1,169 |
| A.6 | Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 1,633 | 1,249 | 992 |
| A.7 | 6 chlár de chuid Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus Thuaidh/Theas | 4,550 | 3,413 | 3,147 |
| | | **8,029** | **5,816** | **5,308** |

### 6.3 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

Mar a fhoráiltear in alt 25 den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, is iad an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (na hAirí) na haon scairshealbhóirí amháin atá sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA). In 2023, d'ordaigh an tAire Airgeadais do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta €825 milliún sa bhreis a aistriú ó shócmhainní Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann chuig an LDA chun dliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe a chomhlíonadh, dliteanas a eascraíonn as suibscríbhinn an Aire le haghaidh tuilleadh scaireanna san LDA ar luach ainmniúil €825 milliún.

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Scairshealbhú Cothromais sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 99,000 | — |
| Faighte sa bhliain | 825,000 | 99,000 |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | 924,000 | 99,000 |

## Nóta 7 Ciste Teagmhasach

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **1,200** | **1,200** |

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhasach a bunaíodh in 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun éascú a dhéanamh ar íoc as caiteachas práinneach nó neamhthuartha nach bhfuil clúdaithe ag na gnáth-Vótaí agus a bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil ceadú a lorg láithreach ó Dháil Éireann e.g. le linn sosa.

Leagtar amach na nósanna imeachta a bhaineann le hoibriúchán an chiste i *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* (Míreanna C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an chiste gach cúig bliana. I ndiaidh athbhreithnithe in 2020, cinneadh gur cheart go bhfanfadh an ciste ag a leibhéal reatha.